BGE/RE/AH/1210




Bord Gáis Energy
*samhlaímis*

Leictreachas
# Sa bhaile

Nollaig / Eanáir 2011

SAN EAGRÁN SEO

**Dochar Díreach** – bealach níos éasca billí a íoc 4

**Nodanna soilsiúcháin** a shábhálfaidh ar chostas agus a chuirfidh gile i do lá 5

Conas do mhéadar a léamh 6

Club Leabhar Bord Gáis Energy – **togha leabhar Éireannacha na bliana seo** 7

# Fáilte go Sa bhaile

Níl leithscéal níos fearr agat anois agus an oíche fhuara an gheimhridh linn, suí ar do sháimhín só ar an dtolg le deoch te agus leabhar den scoth. Tiocfaidh tú ar leabhar spéisiúil inár n-eagrán is déanaí do Sa bhaile agus fiú deis rudaí saora in aisce a fháil i **gComórtas an Chlub Leabhar.**

Tiocfaidh tú chomh maith ar **nodanna áisiúla soilsiúcháin**, atá á réiteach agus á moladh ag ár bhFoireann Baile. Cuirfidh siad gile gan teora i do lá trí cabhrú leat do chostais a ghearradh.

I ndeireadh thiar, tá comórtas spéisiúil seolta againn inar féidir leat **1 as 10 iPhone** a bhuachan nuair a chláraíonn tú le **Dochar Díreach**.

Tá lámhleabhar beag leis seo a chabhróidh leat do mhéadar a léamh agus a chinnteoidh nach mbeidh tú ach ag íoc ach as an leictreachas a úsáideann tú.

Tá súil agam go mbainfidh tú sult as do chóip is déanaí de Sa bhaile agus má tá ceist ar bith agat, níl ort ach rphost a sheoladh chugainn ar **athome@bordgaisenergy.ie**. Cuimhnigh, táimid anseo chun cabhrú leat.

**TRACY KENNEDY** ***Ceannasaí Oibríochtaí Custaiméirí***
BORD GÁIS ENERGY

## STAITISTICÍ TÁBHACHTACHA

**4**
Tá ceithre sár-leid againn a ligfidh duit tosnú ag sábháil ar do chostais leictreachais.

**15%**
Is féidir leat fónamh a bhaint as na sladmhargaí atá ar fáil an mhí seo le soilse d'am leapa do pháistí ónár siopa ar líne.

**12**
Tá dha bheart de 12 leabhar de thogha na léitheoireachta don gheimhreadh seo againn le bronnadh mar dhuais inár gComórtas Club Leabhar.

# Ar thosnaigh tú ag samhlú linn go fóill?

Cláraigh le haghaidh Dochar Díreach agus d'fhéadfá
**iPHONE aa bhuachan**



**Más tusa duine de na custaiméirí a rinne íoslódáil cheana féin ar an App Samhlaímis don iPhone, ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl duit as cabhrú linn tionscnamh chomh rathúil a dhéanamh as. Cuireann sé áthas orainn a fheiceáil chomh úsáideach is atá sé don méid sin agaibh.**

## Cuireann an App Samhlaímis atá saor in aisce, do shonraí cuntais ar fáil ar bharr do mhéara - is féidir:

- D'iarmhéid reatha
- Dáta do bhille dheireanaigh
- Dáta d'íocaíocht dheireanaigh
- Treoir ar conas do mhéadair gháis agus leictreachais a léamh
- Eolas sábháilteachta agus teagmhála éigeandála do ghás agus leictreachas
- Sonraí teagmhála tábhachtacha



Chun **App Samhlaímis don iPhone a íoslódáil** saor in aisce **téir go dtí bordgaisenergy.ie/thinkbeyondapp**

**Agus chun seans a bheith agat iPhone a bhuachan, féach leathanach a 4!**

# Ag cabhrú leat smacht a choimeád le Dochar Díreach

**Is maith linn gach cabhair a thabhairt dár gcustaiméirí a gcuntais a bhainistiú agus a mbillí a íoc. Is chun a bheith úsáideach agus ar bheagán dua atá ár seirbhís Dochar Díreach ann.**

**Cláraigh le haghaidh Dochar Díreach agus d'fhéadfá IPHONE a bhuachan**

## Dochar Díreach

Dochar Díreach is ea an modh is éasca do bhille a íoc. Tar éis duit clárú, gheobhaidh tú do bhille dé-mhíosúil mar is gnáth. Ní bheidh ort íocaíochtaí a eagrú mar tógfar go huathoibríoch ó do chuntas é.

## Conas clárú don Dochar Díreach:

Tá sé an éasca Dochar Díreach le Bord Gáis Energy a shocrú agus is bealach níos áisiúla é íocaíocht a dhéanamh. Níl ort ach clárú chun do chuntas a bhainistiú ar líne ag **bordgaisenergy.ie** nó téir i dteagmháil linn ar **1850 632 632**. Ná déan dearmad sonraí do chuntais bainc a bheith agat nuair a ghlaonn tú orainn. Is féidir leat mandáid don Dochar Díreach a chomhlánú agus gheobhaidh tú an fhoirm sin ar chúl do bhille leictreachais agus seol ar aghaidh chugainn é le Saorphost.

## Roghnaigh Dochar Díreach ar na cúiseanna seo:

- Íocaíocht uathoibríoch
- Scuaine ar bith
- Seic ar bith



## Do chuntas ar líne

Nuair a chláraíonn tú do chuntas ar-líne, is féidir leat súil a choimeád ar do chuntas maraon le féachaint agus íocaíocht a dhéanamh ar do bhillí. Le clárú, déan lógáil isteach ar bordgaisenergy.ie

Má bhíonn deacracht agat do bhille leictreachais a íoc, déan teagmháil linn le do thoil ar **1850 22 22 51** ionas gur féidir linn na roghanna a phlé.

**Cláraigh le Dochar Díreach roimh 10ú Feabhra 2011**
agus beidh seans agat **1 as 10 iPhone a bhuachan**.

Téir go **bordgaisenergy.ie/iphonecomp** chun tuilleadh eolais d'fháil. Tá téarmaí agus coinníollacha i bhfeidhm.



# Las suas na laethanta geimhriúla sin ar chostas níos lú





Tá a n-obair bhaile déanta ag ár bhFoireann Baile a chabhróidh leat tarrac tríd oícheanta an gheimhridh gan dua. Cuir na céimeanna simplí soilsiúcháin seo i bhfeidhm láithreach chun tosnú ag sábháil ar do chostais leictreachais.

1. **Má fhágann tú seomra, múch na soilse ann. Ceart go leor, fiú más nod don eolach é, cé mheid duine againn a dhéanann é?**

2. **Aistrigh, nuair is féidir, gnáthbholgáin solais le Dlúthlampaí Fluaraiseacha (CFLanna) Úsáideann siad i bhfad níos lú leictreachais i gcomparáidlr gnáthbholgáin agus maireann siad thart ar 10 n-uaire níos faide ag brath ar an gcineál.**

3. **Seachas seomra iomlán a shoilsiú, dírigh solas ar na háiteanna atá se ag teastáil trí lampaí a chur i gcúinní áirithe**

4. **Úsáid braiteoirí gluaiseachta agus lasca ama do shoilse lasmuigh le costais a ghearradh agus slándail a fheabhsú.**

Trí na leideanna praiticiúla seo a leanúint is féidir fuinneamh a shábháil agus fónamh a bhaint as fuinneamh éifeachtach agus glan ó Bord Gáis Energy.




Chun liosta iomlán maraon le heolas sonrach ar earraí atá éifeachtacht le fuinneamh ar nós bolgáin CFL, braiteoirí gluaiseachta agus mórán eile téir go **shop.bordgaisenergy.ie**

# D'fhéadfadh léamh ceart ar mhéadar airgead a shábháil duit




**Is mian le Bord Gáis Energy nach n-íocfá ach as an leictreachas a úsáideann tú. Tar éis an tsaoil, an chúis a aistrigh tú chugainn ab ea chun airgead a shábháil. Uaireanta is gá teacht ar mheastachán de do bhille ceal léamha. Is féidir leat cruinneas do bhille a fheabhsú trí léamha a sheoladh isteach tú féin.**

**Tá dha phríomhchineál méadair ann:**

**An Méadar Taraife Aonair** déanann úsáid leictreachais a thomhas ar dhiail amháin.

**An Méadar Taraife Dúbailte** tá dhá dhiail air seo; ceann acu ag taifead úsáide i rith an lae agus an ceann eile isdoíche.

**Má fhaigheann tú bille measta, is féidir leat do léamh méadair féin a sheoladh isteach**

**Méadar a léamh agus an léamh a sheoladh isteach:**

- Níl ag teastáil uait ach d'uimhir MPRN, atá ar fáil ar do bhille
- Ansin déan nóta den léamh méadair a léirítear ó chlé go deas
- Cinntigh go scríobhann tú aon náid fiú iadsan ag tús na léamha
- Déan neamhaird de na figiúirí dearga
- Má tá Méadar Tharaife Dúbailte agat, déan nóta de na léamha lae agus oíche

Má fhaigheann tú bille measta, seiceáil do mhéadar trí na céimeanna thuas a leanúint le dearbhú má tá éagsúlacht mhór isir an meastachán agus an méid atá ar an méadar.

**Chun léamha a sheoladh isteach, glaoigh ar 1850 337 777 agus tabharfar treoir duit tríd an próiseas céim ar chéim.**



Bord Gáis Energy
**BOOK CLUB**

# Treoirleabhar ar scoth
## na leabhar don gheimhreadh

Níl rud níos fearr ná bheith sáite go domhain i leabhar mar chaitheamh aimsire le linn oícheanta an gheimhridh, agus tá liosta curtha le chéile againn de chuid de scoth leabhar Éireannach na bliana le roghnú as. Bhí cuid maith acu gearrliostáilte do Ghradaim Leabhar na hÉireann Bord Gáis Energy 2010. Tá sár-leabhar ann chun gach duine a shásamh agus táimid ag tabhairt uainn dhá chóip díobh, dá bhrí sin bí cinnte go gcuireann tú isteach ar an gcomórtas.

**Tá dhá bheart de na 12 leabhar seo le tabhairt uainn againn. Le seans a bheith agat ceann den dhá bheart seo a bhuachan níl ort ach an cheist seo a leanas a fhreagairt:**

**Buaigh beart iomlán de na leabhair iontacha seo don Gheimhreadh**

Ainmnigh an buaiteoir den gradam gaisce saoil ag Gradaim Leabhar na hÉireann Bord Gáis Energy 2010 a bhí ar siúl ar an 25th Samhain 2010.

**Leid:** tá freagra na ceiste ar fáil ar **bordgaisenergybookclub.ie**

Seol do fhreagra ar rphost le do ainm, seoladh agus uimhir teagmhála teileafóin go **competitions@bordgais.ie** le 'Best Winter Reads' sa Líne Ábhair nó seol d'iarratas poist go Bord Gáis Energy, Best Winter Reads Competition, Bosca OP 10943, Baile Átha Cliath 1. **Is é an dáta deiridh d'iarratais ná 5in 10ú Feabhra 2011.**

Déanfar an tarrac laistigh de cúig lá ón dáta deiridh agus cuirfear a mbua ar eolas do bhuaiteoirí roimh an 18ú Feabhra 2011. Tá téarmaí agus coinníollacha i bhfeidhm.
Tabhair cuairt ar www.bordgaisenergy.ie/athomeelectricity-tcs nó scríobh chugainn chun cóip a fháil.